- (3) Beidh an chumhacht ag an gComhchoiste a cheangal ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta (nó ar Aire nó Aire Stáit a bheidh ainmnithe ina áit nó ina háit) freastal os comhair an Chomhchoiste agus eolas ó bhéal a thabhairt, i seisiún príobháideach más é sin is mian leis an Aire nó leis an Aire Stáit, roimh chruinnithe de Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun a chumasú don Chomhchoiste a thuairimí a chur in iúl.
- (4) Cúigear is córam don Chomhchoiste, ar comhalta de Dháil Éireann duine amháin díobh ar a laghad agus ar comhalta de Sheanad Éireann duine amháin díobh ar a laghad.
- (5) Beidh na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 83(1) go (9), go huile, ag an gComhchoiste.
- (6) Beidh Cathaoirleach an Chomhchoiste, a bheidh ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann, ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an Roghchoiste freisin.

inquiring into in public session, or publishing confidential information regarding, any such matter if so requested either by the body concerned or by the Minister for Education and Science; and

- (ix) such other matters as may be jointly referred to it from time to time by both Houses of the Oireachtas,

and shall report thereon to both Houses of the Oireachtas.

- (3) The Joint Committee shall have the power to require that the Minister for Education and Science (or a Minister or Minister of State nominated in his or her stead) shall attend before the Joint Committee and provide, in private session if so desired by the Minister or Minister of State, oral briefings in advance of EU Council meetings to enable the Joint Committee to make known its views.
- (4) The quorum of the Joint Committee shall be five, of whom at least one shall be a member of Dáil Éireann and one a member of Seanad Éireann.
- (5) The Joint Committee shall have the powers defined in Standing Order 83(1) to (9) inclusive.
- (6) The Chairman of the Joint Committee, who shall be a member of Dáil Éireann, shall also be Chairman of the Select Committee.”

—Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.

“5.(1)(a) Go gceapfar Roghchoiste, dá ngairfear an Roghchoiste um Fhiontair, Trádáil agus Fostaíocht, ar a mbeidh 11 chomhalta de Dháil Éireann (ar córam 4 díobh), chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas—

- (i) cibé Billí a bpléann an Roinn

(1)(a) That a Select Committee, which shall be called the Select Committee on Enterprise, Trade and Employment consisting of 11 members of Dáil Éireann (of whom 4 shall constitute a quorum), be appointed to consider—

- (i) such Bills the statute law in

- | | |
|---|---|
| Fiontar, Trádála agus Fostaíochta leis an dlí reachtach ina leith; | respect of which is dealt with by the Department of Enterprise, Trade and Employment; |
| (ii) cibé Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí atá faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; | (ii) such Estimates for Public Services within the aegis of the Department of Enterprise, Trade and Employment; |
| (iii) cibé tograí a bheidh in aon tairiscint, lena n-áirítear aon tairiscint de réir bhrí Bhuan-Ordú 159, a bhaineann le Dáil Éireann do cheadú téarmaí comhaontuithe idirnáisiúnta a tharraingeodh muirear ar chistí poiblí; agus | (iii) such proposals contained in any motion, including any motion within the meaning of Standing Order 159, concerning the approval by Dáil Éireann of the terms of international agreements involving a charge on public funds; and |
| (iv) cibé nithe eile; | (iv) such other matters; |
| a tharchuirfidh Dáil Éireann chuige ó am go ham; | as shall be referred to it by Dáil Éireann from time to time; |
| (v) Ráitis Bhliantúla Aschuir arna dtáirgeadh ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; agus | (v) Annual Output Statements produced by the Department of Enterprise, Trade and Employment; and |
| (vi) cibé Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus Beartas arna seoladh agus arna gcoimisiúnú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a roghnóidh sé. | (vi) such Value for Money and Policy Reviews conducted and commissioned by the Department of Enterprise, Trade and Employment as it may select. |
| (b) Chun críche a bhreithnithe ar nithe faoi mhíreanna (1)(a)(i), (iii), (iv), (v) agus (vi), beidh na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 83(1), (2) agus (3) ag an Roghchoiste. | (b) For the purpose of its consideration of matters under paragraphs (1)(a)(i), (iii), (iv), (v) and (vi), the Select Committee shall have the powers defined in Standing Order 83(1), (2) and (3). |
| (c) Chun amhras a sheachaint, beidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (nó Aire nó Aire Stáit a bheidh ainmnithe ina áit nó ina háit) i dteideal vótáil de bhua a chomhaltais nó a comhaltais <i>ex officio</i> den Roghchoiste de réir Bhuan-Ordú 92(1). | (c) For the avoidance of doubt, by virtue of his or her <i>ex officio</i> membership of the Select Committee in accordance with Standing Order 92(1), the Minister for Enterprise, Trade and Employment (or a Minister or Minister of State nominated in his or her stead) shall be entitled to vote. |
| (2) Déanfar an Roghchoiste a | (2) The Select Committee shall be joined |

chomhcheangal le Roghchoiste atá le ceapadh ag Seanad Éireann chun bheith ina Chomhchoiste um Fhiontair, Trádáil agus Fostaíocht chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas—

- (i) cibé gnóthaí poiblí atá faoi riaradh na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a roghnóidh sé, lena n-áirítear, i leith beartais Rialtais, comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne sin;
- (ii) cibé nithe a bhaineann le beartas, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach, a roghnóidh sé agus a bhfuil an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freagrach astu go hoifigiúil;
- (iii) cibé nithe i measc Ranna a thagann faoi chúram an Aire Stáit ag a bhfuil freagracht speisialta as Beartas Nuálaíochta a roghnóidh sé;

Ar choinníoll go dtabharfar an deis do chomhaltaí den Chomhchoiste um Oideachas agus Eolaíocht páirt a ghlacadh sa bhreithniú ar nithe atá faoi réim an chúraim sin;

- (iv) cibé saincheisteanna beartais gaolmhara a roghnóidh sé agus a bhaineann le comhlachtaí a bhíonn á maoiniú go hiomlán nó go páirteach ag an Stát nó le comhlachtaí arna mbunú nó arna gceapadh ag Comhaltaí den Rialtas nó ag an Oireachtas;
- (v) cibé Ionstraimí Reachtúla, arna ndéanamh ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus arna leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais, a roghnóidh sé;
- (vi) cibé tograí le haghaidh reachtaíocht AE agus saincheisteanna beartais gaolmhara a tharchuirfear chuige ó am go ham, de réir Bhuan-Ordú 83(4);

with a Select Committee to be appointed by Seanad Éireann to form the Joint Committee on Enterprise, Trade and Employment to consider—

- (i) such public affairs administered by the Department of Enterprise, Trade and Employment as it may select, including, in respect of Government policy, bodies under the aegis of that Department;
- (ii) such matters of policy, including EU related matters, for which the Minister for Enterprise, Trade and Employment is officially responsible as it may select;
- (iii) such matters across Departments which come within the remit of the Minister of State with special responsibility for Innovation Policy as it may select;

Provided that members of the Joint Committee on Education and Science shall be afforded the opportunity to participate in the consideration of matters within this remit;

- (iv) such related policy issues as it may select concerning bodies which are partly or wholly funded by the State or which are established or appointed by Members of the Government or by the Oireachtas;
- (v) such Statutory Instruments made by the Minister for Enterprise, Trade and Employment and laid before both Houses of the Oireachtas as it may select;
- (vi) such proposals for EU legislation and related policy issues as may be referred to it from time to time, in accordance with Standing Order

(vii) an ráiteas straitéise arna leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de bhun alt 5(2) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 agus a mbeidh an Comhchoiste údaraithe ina leith chun críocha alt 10 den Acht sin;

(viii) cibé tuarascálacha bliantúla nó tuarascálacha bliantúla agus cuntais is gá de réir dlí agus a leagtar faoi bhráid ceachtar Tí den Oireachtas nó faoi bhráid an dá Theach sin, ar tuarascálacha bliantúla nó tuarascálacha bliantúla agus cuntais iad de chuid comhlachtaí a shonraítear i míreanna 2(i) agus (iv), agus torthaí oibriochta foriomlána, ráitis straitéise agus pleananna corparáideacha na gcomhlachtaí sin, de réir mar a roghnóidh sé;

Ar choinníoll nach ndéanfaidh an Comhchoiste, tráth ar bith, breithniú ar aon ní a bhaineann le comhlacht den sórt sin agus atá, a bhí, nó a bheartaítear, an tráth sin, a bheith, faoi bhreithniú ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí, de bhun Orduithe Tagartha an Choiste sin agus/nó Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993;

Ar choinníoll thairis sin go staonfaidh an Comhchoiste ó aon ní den sórt sin a fhiosrú i seisiún poiblí, nó ó fhaisnéis rúnda maidir le haon ní den sórt sin a fhoilsiú, má iarrann an comhlacht lena mbaineann nó an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta air déanamh amhlaidh; agus

(ix) cibé nithe eile a tharchuirfidh dhá Theach an Oireachtais chuige, i

83(4);
(vii) the strategy statement laid before each House of the Oireachtas by the Minister for Enterprise, Trade and Employment pursuant to section 5(2) of the Public Service Management Act 1997, and for which the Joint Committee is authorised for the purposes of section 10 of that Act;

(viii) such annual reports or annual reports and accounts, required by law and laid before either or both Houses of the Oireachtas, of bodies specified in paragraphs 2(i) and (iv), and the overall operational results, statements of strategy and corporate plans of these bodies, as it may select;

Provided that the Joint Committee shall not, at any time, consider any matter relating to such a body which is, which has been, or which is, at that time, proposed to be considered by the Committee of Public Accounts pursuant to the Orders of Reference of that Committee and/or the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993;

Provided further that the Joint Committee shall refrain from inquiring into in public session, or publishing confidential information regarding, any such matter if so requested either by the body concerned or by the Minister for Enterprise, Trade and Employment; and

(ix) such other matters as may be jointly referred to it from time

- | | |
|---|---|
| <p style="text-align: center;">gcomhar, ó am go ham,</p> <p>agus tabharfaidh sé tuarascáil ar an méid sin do dhá Theach an Oireachtais.</p> <p>(3) Beidh an chumhacht ag an gComhchoiste a cheangal ar an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (nó ar Aire nó Aire Stáit a bheidh ainmnithe ina áit nó ina háit) freastal os comhair an Chomhchoiste agus eolas ó bhéal a thabhairt, i seisiún príobháideach más é sin is mian leis an Aire nó leis an Aire Stáit, roimh chruinnithe de Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun a chumasú don Chomhchoiste a thuairimí a chur in iúl.</p> <p>(4) Cúigear is córam don Chomhchoiste, ar comhalta de Dháil Éireann duine amháin díobh ar a laghad agus ar comhalta de Sheanad Éireann duine amháin díobh ar a laghad.</p> <p>(5) Beidh na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 83(1) go (9), go huile, ag an gComhchoiste.</p> <p>(6) Beidh Cathaoirleach an Chomhchoiste, a bheidh ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann, ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an Roghchoiste freisin.</p> | <p style="text-align: center;">to time by both Houses of the Oireachtas,</p> <p>and shall report thereon to both Houses of the Oireachtas.</p> <p>(3) The Joint Committee shall have the power to require that the Minister for Enterprise, Trade and Employment (or a Minister or Minister of State nominated in his or her stead) shall attend before the Joint Committee and provide, in private session if so desired by the Minister or Minister of State, oral briefings in advance of EU Council meetings to enable the Joint Committee to make known its views.</p> <p>(4) The quorum of the Joint Committee shall be five, of whom at least one shall be a member of Dáil Éireann and one a member of Seanad Éireann.</p> <p>(5) The Joint Committee shall have the powers defined in Standing Order 83(1) to (9) inclusive.</p> <p>(6) The Chairman of the Joint Committee, who shall be a member of Dáil Éireann, shall also be Chairman of the Select Committee.”</p> |
|---|---|

—Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.

- | | |
|--|---|
| <p>“6.(1)(a) Go gceapfar Roghchoiste, dá ngairfear an Roghchoiste um Chomhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil, ar a mbeidh 11 chomhalta de Dháil Éireann (ar córam 4 díobh), chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas—</p> <p>(i) cibé Billí a bpléann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil leis an dlí reachtach ina leith;</p> <p>(ii) cibé Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí atá faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil;</p> | <p>(1)(a) That a Select Committee, which shall be called the Select Committee on the Environment, Heritage and Local Government consisting of 11 members of Dáil Éireann (of whom 4 shall constitute a quorum), be appointed to consider—</p> <p>(i) such Bills the statute law in respect of which is dealt with by the Department of the Environment, Heritage and Local Government;</p> <p>(ii) such Estimates for Public Services within the aegis of the Department of the Environment, Heritage and Local Government;</p> |
|--|---|

- (iii) cibé tograí a bheidh in aon tairiscint, lena n-áirítear aon tairiscint de réir bhrí Bhuan-Ordú 159, a bhaineann le Dáil Éireann do cheadú téarmaí comhaontuithe idirnáisiúnta a tharraingeodh muirear ar chistí poiblí; agus
- (iv) cibé nithe eile;
- a tharchuirfidh Dáil Éireann chuige ó am go ham;
- (v) Ráitis Bhliantúla Aschuir arna dtáirgeadh ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil; agus
- (vi) cibé Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus Beartas arna seoladh agus arna gcoimisiúnú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a roghnóidh sé.
- (b) Chun críche a bhreithnithe ar nithe faoi mhíreanna (1)(a)(i), (iii), (iv), (v) agus (vi), beidh na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 83(1), (2) agus (3) ag an Roghchoiste.
- (c) Chun amhras a sheachaint, beidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (nó Aire nó Aire Stáit a bheidh ainmnithe ina áit nó ina háit) i dteideal vótáil de bhua a chomhaltais nó a comhaltais *ex officio* den Roghchoiste de réir Bhuan-Ordú 92(1).
- (2) Déanfar an Roghchoiste a chomhcheangal le Roghchoiste atá le ceapadh ag Seanad Éireann chun bheith ina Chomhchoiste um Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas—
- (i) cibé gnóthaí poiblí atá faoi riaradh na Roinne Comhshaoil,
- (iii) such proposals contained in any motion, including any motion within the meaning of Standing Order 159, concerning the approval by Dáil Éireann of the terms of international agreements involving a charge on public funds; and
- (iv) such other matters;
- as shall be referred to it by Dáil Éireann from time to time;
- (v) Annual Output Statements produced by the Department of the Environment, Heritage and Local Government; and
- (vi) such Value for Money and Policy Reviews conducted and commissioned by the Department of the Environment, Heritage and Local Government as it may select.
- (b) For the purpose of its consideration of matters under paragraphs (1)(a)(i), (iii), (iv), (v) and (vi), the Select Committee shall have the powers defined in Standing Order 83(1), (2) and (3).
- (c) For the avoidance of doubt, by virtue of his or her *ex officio* membership of the Select Committee in accordance with Standing Order 92(1), the Minister for the Environment, Heritage and Local Government (or a Minister or Minister of State nominated in his or her stead) shall be entitled to vote.
- (2) The Select Committee shall be joined with a Select Committee to be appointed by Seanad Éireann to form the Joint Committee on the Environment, Heritage and Local Government to consider—
- (i) such public affairs administered by the Department of the

Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a roghnóidh sé, lena n-áirítear, i leith beartais Rialtais, comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne sin;

- (ii) cibé nithe a bhaineann le beartas, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach, a roghnóidh sé agus a bhfuil an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil freagrach astu go hoifigiúil;
- (iii) cibé nithe i measc Ranna a roghnóidh sé agus a thagann faoi chúram an Aire Stáit ag a bhfuil freagracht speisialta as an gComhshaol agus Fuinneamh;

Ar choinníoll go dtabharfar an deis do chomhaltaí den Chomhchoiste um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádurtha páirt a ghlacadh sa bhreithniú ar nithe atá faoi réim an chúraim sin;

- (iv) cibé saincheisteanna beartais gaolmhara a roghnóidh sé agus a bhaineann le comhlachtaí a bhíonn á maoiniú go hiomlán nó go páirteach ag an Stát nó le comhlachtaí arna mbunú nó arna gceapadh ag Comhaltaí den Rialtas nó ag an Oireachtas;
- (v) cibé Ionstraimí Reachtúla, arna ndéanamh ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus arna leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais, a roghnóidh sé;
- (vi) cibé tograí le haghaidh reachtaíocht AE agus saincheisteanna beartais gaolmhara a tharchuirfear chuige ó am go ham de réir Bhuan-Ordú 83(4);

(v an ráiteas straitéise arna leagan faoi ii) bhráid gach Tí den Oireachtas ag an

Environment, Heritage and Local Government as it may select, including, in respect of Government policy, bodies under the aegis of that Department;

- (ii) such matters of policy, including EU related matters, for which the Minister for the Environment, Heritage and Local Government is officially responsible as it may select;
- (iii) such matters across Departments which come within the remit of the Minister of State with special responsibility for the Environment and Energy as it may select;

Provided that members of the Joint Committee on Communications, Energy and Natural Resources shall be afforded the opportunity to participate in the consideration of matters within this remit;

- (iv) such related policy issues as it may select concerning bodies which are partly or wholly funded by the State or which are established or appointed by Members of the Government or by the Oireachtas;
- (v) such Statutory Instruments made by the Minister for the Environment, Heritage and Local Government and laid before both Houses of the Oireachtas as it may select;
- (vi) such proposals for EU legislation and related policy issues as may be referred to it from time to time, in accordance with Standing Order 83(4);

(vii) the strategy statement laid before each House of the

Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil de bhun alt 5(2) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 agus a mbeidh an Comhchoiste údaraithe ina leith chun críocha alt 10 den Acht sin;

Oireachtas by the Minister for the Environment, Heritage and Local Government pursuant to section 5(2) of the Public Service Management Act 1997, and for which the Joint Committee is authorised for the purposes of section 10 of that Act;

- (viii) cibé tuarascálacha bliantúla nó tuarascálacha bliantúla agus cuntais is gá de réir dlí agus a leagtar faoi bhráid ceachtar Tí den Oireachtas nó faoi bhráid an dá Theach sin, ar tuarascálacha bliantúla nó tuarascálacha bliantúla agus cuntais iad de chuid comhlachtaí a shonraítear i míreanna 2(i) agus (iii), agus torthaí oibríochta foriomlána, ráitis straitéise agus pleananna corparáideacha na gcomhlachtaí sin, de réir mar a roghnóidh sé

- (viii) such annual reports or annual reports and accounts, required by law and laid before either or both Houses of the Oireachtas, of bodies specified in paragraphs 2(i) and (iv), and the overall operational results, statements of strategy and corporate plans of these bodies, as it may select;

Ar choinníoll nach ndéanfaidh an Comhchoiste, tráth ar bith, aon ní a bhreithniú a bhaineann le comhlacht den sórt sin agus atá, a bhí, nó a bheartaítear, an tráth sin, a bheith, faoi bhreithniú ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí, de bhun Orduithe Tagartha an Choiste sin agus/nó Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993;

Provided that the Joint Committee shall not, at any time, consider any matter relating to such a body which is, which has been, or which is, at that time, proposed to be considered by the Committee of Public Accounts pursuant to the Orders of Reference of that Committee and/or the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993;

Ar choinníoll thairis sin go staonfaidh an Comhchoiste ó aon ní den sórt sin a fhiosrú i seisiún poiblí, nó ó fhaisnéis rúnda maidir le haon ní den sórt sin a fhoilsiú, má iarrann an comhlacht lena mbaineann nó an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil air déanamh amhlaidh; agus

Provided further that the Joint Committee shall refrain from inquiring into in public session, or publishing confidential information regarding, any such matter if so requested either by the body concerned or by the Minister for the Environment, Heritage and Local Government; and

- (ix) cibé nithe eile a tharchuirfidh dhá Theach an Oireachtais chuige, i gcomhar, ó am go ham,

- (ix) such other matters as may be jointly referred to it from time to time by both Houses of the

Oireachtas,

agus tabharfaidh sé tuarascáil ar an méid sin do dhá Theach an Oireachtais.

and shall report thereon to both Houses of the Oireachtas.

- | | |
|---|--|
| <p>(3) Beidh an chumhacht ag an gComhchoiste a cheangal ar an Aire Comhshaoil, Oidhreachtá agus Rialtais Áitiúil (nó ar Aire nó Aire Stáit a bheidh ainmnithe ina áit nó ina háit) freastal os comhair an Chomhchoiste agus eolas ó bhéal a thabhairt, i seisiún príobháideach más é sin is mian leis an Aire nó leis an Aire Stáit, roimh chruinnithe de Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun a chumasú don Chomhchoiste a thuairimí a chur in iúl.</p> | <p>(3) The Joint Committee shall have the power to require that the Minister for the Environment, Heritage and Local Government (or a Minister or Minister of State nominated in his or her stead) shall attend before the Joint Committee and provide, in private session if so desired by the Minister or Minister of State, oral briefings in advance of EU Council meetings to enable the Joint Committee to make known its views.</p> |
| <p>(4) Cúigear is córam don Chomhchoiste, ar comhalta de Dháil Éireann duine amháin díobh ar a laghad agus ar comhalta de Sheanad Éireann duine amháin díobh ar a laghad.</p> | <p>(4) The quorum of the Joint Committee shall be five, of whom at least one shall be a member of Dáil Éireann and one a member of Seanad Éireann.</p> |
| <p>(5) Beidh na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 83(1) go (9), go huile, ag an gComhchoiste.</p> | <p>(5) The Joint Committee shall have the powers defined in Standing Order 83(1) to (9) inclusive.</p> |
| <p>(6) Beidh Cathaoirleach an Chomhchoiste, a bheidh ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann, ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an Roghchoiste freisin.</p> | <p>(6) The Chairman of the Joint Committee, who shall be a member of Dáil Éireann, shall also be Chairman of the Select Committee.”</p> |

—Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.

- | | |
|---|---|
| <p>“7.(1)(a) Go gceapfar Roghchoiste, dá ngairfear an Roghchoiste um Ghnóthaí Eorpacha, ar a mbeidh 11 chomhalta de Dháil Éireann (ar córam ceathrar díobh), chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas—</p> | <p>(1)(a) That a Select Committee, which shall be called the Select Committee on European Affairs, consisting of 11 Members of Dáil Éireann (of whom four shall constitute a quorum), be appointed to consider—</p> |
| <p>(i) cibé Billí a bpléann an Roinn Gnóthaí Eachtracha leis an dlí reachtach ina leith;</p> | <p>(i) such Bills the statute law in respect of which is dealt with by the Department of Foreign Affairs;</p> |
| <p>(ii) cibé tograí a bheidh in aon tairiscint, lena n-áirítear aon tairiscint de réir bhrí Bhuan-Ordú 159, a bhaineann leis an Dáil do cheadú comhaontuithe idirnáisiúnta a tharraingeodh muirear ar chistí poiblí; agus</p> | <p>(ii) such proposals contained in any motion, including any motion within the meaning of Standing Order 159 concerning the approval by the Dáil of international agreements involving a charge on public funds; and</p> |

- (iii) cibé nithe eile;
a tharchuirfidh Dáil Éireann chuige ó am go ham.
- (b) Chun críche a bhreithnithe ar nithe faoi mhíreanna (1)(a)(i), (ii) agus (iii), beidh na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 83(1), (2) agus (3) ag an Roghchoiste.
- (c) Chun amhras a sheachaint, beidh an tAire Gnóthaí Eachtracha (nó Aire nó Aire Stáit a bheidh ainmnithe ina áit nó ina háit) i dteideal vótáil de bhua a chomhaltais nó a comhaltais *ex officio* den Roghchoiste de réir Bhuan-Ordú 92(1).
- (2)(a) Déanfar an Roghchoiste a chomhcheangal le Roghchoiste atá le ceapadh ag Seanad Éireann chun bheith ina Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha chun—
- (i) breithniú a dhéanamh ar cibé nithe a roghnóidh sé agus a éiríonn as ballraíocht na hÉireann sna Comhphobail Eorpacha agus as í do chloí leis an gConradh ar an Aontas Eorpach;
- (ii) breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas—
- (I) cibé cláir agus treoirlínte arna n-ullmhú ag Coimisiún na gComhphobal Eorpach mar bhonn le gníomh reachtach a d'fhéadfaí a dhéanamh,
- (II) cibé doiciméid neamhreachta arna bhfoilsíú ag aon Institiúid de chuid an Aontais i ndáil le nithe ginearálta a bhaineann le beartas an Aontais Eorpaigh,
- (III) cibé ionstraimí de chuid institiúidí na gComhphobal Eorpach,
- (iii) such other matters;
as shall be referred to it by Dáil Éireann from time to time.
- (b) For the purpose of its consideration of matters under paragraphs (1)(a)(i), (ii) and (iii), the Select Committee shall have the powers defined in Standing Order 83(1), (2) and (3).
- (c) For the avoidance of doubt, by virtue of his or her *ex officio* membership of the Select Committee in accordance with Standing Order 92(1), the Minister for Foreign Affairs (or a Minister or Minister of State nominated in his or her stead) shall be entitled to vote.
- (2)(a) The Select Committee shall be joined with a Select Committee to be appointed by Seanad Éireann to form the Joint Committee on European Affairs to—
- (i) consider such matters arising from Ireland's membership of the European Communities and its adherence to the Treaty on European Union, as it may select;
- (ii) consider such—
- (I) programmes and guidelines prepared by the Commission of the European Communities as a basis for possible legislative action,
- (II) non legislative documents published by any Union institution in relation to EU policy matters,
- (III) acts of the institutions of the European Communities,

- | | |
|--|---|
| (IV) cibé rialacháin faoi Achtanna na gComhphobal Eorpach 1972 go 2007, | (IV) regulations under the European Communities Acts 1972 to 2007, |
| (V) cibé ionstraimí eile arna ndéanamh faoi reacht agus is gá de dhroim na n-oibleagáidí a ghabhann le ballraíocht sna Comhphobail Eorpacha, agus | (V) other instruments made under statute and necessitated by the obligations of membership of the European Communities, and |
| (VI) aon doiciméad eile i ndáil le nithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach arna thaisceadh in dhá Theach an Oireachtais ag Comhalta den Rialtas nó ag Aire Stáit, | (VI) any other document relating to European Union matters deposited in both Houses of the Oireachtas by a Member of the Government or Minister of State, |

de réir mar a roghnóidh sé;

as it may select;

- | | |
|--|---|
| (iii) breithniú a dhéanamh ar cibé nithe eile a tharchuirfidh dhá Theach an Oireachtais chuige ó am go ham; agus | (iii) consider such other matters as may be referred to it from time to time by both Houses of the Oireachtas; and |
| (iv) ionadaíocht a dhéanamh do dhá Theach an Oireachtais ag Comhdháil na gCoistí um Ghnóthaí Comhphobail agus Eorpacha de chuid Pharlaimintí an Aontais Eorpaigh (COSAC) i gcomhar leis an gComhchoiste um Ghrinnscrúdú Eorpach; | (iv) represent both Houses of the Oireachtas at the Conference of Community and European Affairs Committees of Parliaments of the European Union (COSAC) jointly with the Joint Committee on European Scrutiny; |

agus tabharfaidh sé tuarascáil ar an méid sin do dhá Theach an Oireachtais i gcomhairle leis an gComhchoiste um Ghrinnscrúdú Eorpach.

and shall report thereon to both Houses of the Oireachtas in consultation with the Joint Committee on European Scrutiny.

(b) Beidh ag an gComhchoiste:

(b) The Joint Committee shall have:

- | | |
|---|---|
| (i) na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 83(1) go (9), go huile; | (i) the powers defined in Standing Order 83(1) to (9) inclusive; |
| (ii) an chumhacht chun togra le haghaidh reachtaíocht AE atá breithnithe aige (agus ar cinneadh ina thaobh go bhfuil tábhacht leordhóthanach ag baint leis chun gur gá tuilleadh grinnscrúdaithe a dhéanamh air) a tharchur chuig Comhchoiste dár tugadh an chumhacht a mhínítear i mBuan-Ordú 83(4) chun tograí den sórt sin a bhreithniú; | (ii) the power to refer a proposal for EU legislation which has been considered by it (and which has been concluded to be of sufficient importance to require additional scrutiny) to a Joint Committee on which has been conferred the power defined in Standing Order 83(4) to consider such proposals; |

- | | |
|--|---|
| <p>(iii) an chumhacht chun a iarraidh ar Chomhaltaí den Rialtas (nó ar Airí Stáit a bheidh ainmnithe ina n-áit) (nó, i gcás na Comhairle Eorpaí, ar an Taoiseach nó ar an Aire Gnóthaí Eachtracha) freastal os comhair an Chomhchoiste agus eolas ó bhéal a thabhairt, i seisiún príobháideach más é sin is mian leis an gComhalta den Rialtas nó leis an Aire Stáit, roimh chruinnithe den Chomhairle chun a chumasú don Chomhchoiste a thuairimí a chur in iúl; agus</p> | <p>(iii) the power to request the attendance of Members of the Government (or Ministers of State nominated in their stead) (or, in the case of the European Council, the Taoiseach or Minister for Foreign Affairs) before the Joint Committee and provide, in private session if so desired by the Member of the Government or Minister of State, oral briefings in advance of Council meetings to enable the Joint Committee to make known its views; and</p> |
| <p>(iv) an chumhacht chun moltaí a dhéanamh chun an Aire Gnóthaí Eachtracha (nó chun Aire Stáit) i dtaobh nithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach.</p> | <p>(iv) the power to make recommendations to the Minister for Foreign Affairs (or Minister of State) on European Union matters.</p> |
| <p>(c) Féadfaidh na daoine seo a leanas freastal ar chruinnithe den Chomhchoiste agus féadfaidh siad páirt a ghlacadh sna himeachtaí gan ceart vótála a bheith acu ná ceart tairiscintí agus leasuithe a tháirgeadh—</p> | <p>(c) The following persons may attend meetings of the Joint Committee and may take part in proceedings without having a right to vote or to move motions and amendments —</p> |
| <p>(i) Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa arna dtoghadh ó thoghlaigh in Éirinn (lena n-áirítear Tuaisceart Éireann);</p> | <p>(i) Members of the European Parliament elected from constituencies in Ireland (including Northern Ireland);</p> |
| <p>(ii) comhaltaí de thoscaireacht na hÉireann chuig Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa; agus</p> | <p>(ii) members of the Irish delegation to the Parliamentary Assembly of the Council of Europe; and</p> |
| <p>(iii) ar chuireadh a fháil ón gComhchoiste, Comhaltaí eile de Pharlaimint na hEorpa.</p> | <p>(iii) at the invitation of the Joint Committee, other Members of the European Parliament.</p> |
| <p>(d) Cúigear is córam don Chomhchoiste, ar Comhalta de Dháil Éireann duine amháin díobh ar a laghad agus ar Comhalta de Sheanad Éireann duine amháin díobh ar a laghad.</p> | <p>(d) The quorum of the Joint Committee shall be five, of whom at least one shall be a Member of Dáil Éireann and one a Member of Seanad Éireann.</p> |
| <p>(3) Beidh Cathaoirleach an Chomhchoiste, a bheidh ina Chomhalta nó ina Comhalta</p> | <p>(3) The Chairman of the Joint Committee, who shall be a Member of Dáil</p> |

de Dháil Éireann, ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an Roghchoiste freisin.

Éireann, shall also be Chairman of the Select Committee.”

—*Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

- | | |
|---|---|
| <p>“8.(1)(a) Go gceapfar Roghchoiste, dá ngairfear an Roghchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí, ar a mbeidh 11 chomhalta de Dháil Éireann (ar córam 4 díobh), chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas—</p> <p>(i) cibé Billí a bpléann Roinn an Taoisigh agus an Roinn Airgeadais leis an dlí reachtach ina leith;</p> <p>(ii) cibé Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí atá faoi choimirce Roinn an Taoisigh agus na Roinne Airgeadais;</p> <p>(iii) cibé tograí a bheidh in aon tairiscint, lena n-áirítear aon tairiscint de réir bhrí Bhuan-Ordú 159, a bhaineann le Dáil Éireann do cheadú téarmaí comhaontuithe idirnáisiúnta a tharraingeodh muirear ar chistí poiblí; agus</p> <p>(iv) cibé nithe eile;</p> <p>a tharchuirfidh Dáil Éireann chuige ó am go ham;</p> <p>(v) Ráitis Bhliantúla Aschuir arna dtáirgeadh ag Roinn an Taoisigh agus ag an Roinn Airgeadais; agus</p> <p>(vi) Cibé Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus Beartas arna seoladh agus arna gcoimisiúnú ag Roinn an Taoisigh agus ag an Roinn Airgeadais a roghnóidh sé.</p> <p>(b) Chun críche a bhreithnithe ar nithe faoi mhíreanna (1)(a)(i), (iii), (iv), (v) agus (vi), beidh na cumhachtaí a mhínítear i</p> | <p>(1)(a) That a Select Committee, which shall be called the Select Committee on Finance and the Public Service consisting of 11 members of Dáil Éireann (of whom 4 shall constitute a quorum), be appointed to consider—</p> <p>(i) such Bills the statute law in respect of which is dealt with by the Department of the Taoiseach and the Department of Finance;</p> <p>(ii) such Estimates for Public Services within the aegis of the Department of the Taoiseach and the Department of Finance;</p> <p>(iii) such proposals contained in any motion, including any motion within the meaning of Standing Order 159, concerning the approval by Dáil Éireann of the terms of international agreements involving a charge on public funds; and</p> <p>(iv) such other matters;</p> <p>as shall be referred to it by Dáil Éireann from time to time;</p> <p>(v) Annual Output Statements produced by the Department of the Taoiseach and the Department of Finance; and</p> <p>(vi) such Value for Money and Policy Reviews conducted and commissioned by the Department of the Taoiseach and the Department of Finance as it may select.</p> <p>(b) For the purpose of its consideration of matters under paragraphs (1)(a)(i), (iii), (iv), (v) and (vi), the Select</p> |
|---|---|

mBuan-Ordú 83(1), (2) agus (3) ag an Roghchoiste.

Committee shall have the powers defined in Standing Order 83(1), (2) and (3).

(c) Chun amhras a sheachaint, beidh an Taoiseach agus an tAire Airgeadais (nó Aire nó Aire Stáit a bheidh ainmnithe ina áit nó ina háit) i dteideal vótáil de bhua a chomhaltais nó a comhaltais *ex officio* den Roghchoiste de réir Bhuan-Ordú 92(1).

(c) For the avoidance of doubt, by virtue of his or her *ex officio* membership of the Select Committee in accordance with Standing Order 92(1), the Taoiseach and the Minister for Finance (or a Minister or Minister of State nominated in his or her stead) shall be entitled to vote.

(2) Déanfar an Roghchoiste a chomhcheangal le Roghchoiste atá le ceapadh ag Seanad Éireann chun bheith ina Chomhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas—

(2) The Select Committee shall be joined with a Select Committee to be appointed by Seanad Éireann to form the Joint Committee on Finance and the Public Service to consider—

(i) cibé gnóthaí poiblí atá faoi riaradh Roinn an Taoisigh agus na Roinne Airgeadais a roghnóidh sé, lena n-áirítear, i leith beartais Rialtais, comhlachtaí atá faoi choimirce na Ranna sin;

(i) such public affairs administered by the Department of the Taoiseach and the Department of Finance as it may select, including, in respect of Government policy, bodies under the aegis of those Departments;

(ii) cibé nithe a bhaineann le beartas a roghnóidh sé agus a bhfuil an Taoiseach freagrach astu go hoifigiúil;

(ii) such matters of policy for which the Taoiseach is officially responsible as it may select;

(iii) cibé nithe a bhaineann le beartas, lena n-áirítear nithe a bhaineann leis an Aontas Eorpach, a roghnóidh sé agus a bhfuil an tAire Airgeadais freagrach astu go hoifigiúil;

(iii) such matters of policy, including EU related matters, for which the Minister for Finance is officially responsible as it may select;

(iv) cibé saincheistanna beartais gaolmhara a roghnóidh sé agus a bhaineann le comhlachtaí a bhíonn á maoiniú go hiomlán nó go páirteach ag an Stát nó le comhlachtaí arna mbunú nó arna gceapadh ag Comhaltaí den Rialtas nó ag an Oireachtas;

(iv) such related policy issues as it may select concerning bodies which are partly or wholly funded by the State or which are established or appointed by Members of the Government or by the Oireachtas;

(v) cibé Ionstraimí Reachtúla, arna ndéanamh ag an Taoiseach agus ag an Aire Airgeadais agus arna

(v) such Statutory Instruments made by the Taoiseach and the Minister for Finance and laid

leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais, a roghnóidh sé;

- (vi) cibé tograí le haghaidh reachtaíocht AE agus saincheisteanna beartais gaolmhara a tharchuirfear chuige ó am go ham, de réir Bhuan-Ordú 83(4);
- (vii) an ráiteas straitéise arna leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas ag an Taoiseach agus an Aire Airgeadais de bhun alt 5(2) den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 agus a mbeidh an Comhchoiste údaraithe ina leith chun críocha alt 10 den Acht sin;
- (viii) cibé tuarascálacha bliantúla nó tuarascálacha bliantúla agus cuntais is gá de réir dlí agus a leagtar faoi bhráid ceachtar Tí den Oireachtas nó faoi bhráid an dá Theach sin, ar tuarascálacha bliantúla nó tuarascálacha bliantúla agus cuntais iad de chuid comhlachtaí a shonraítear i míreanna 2(i) agus (iv), agus torthaí oibríochta foriomlána, ráitis straitéise agus pleananna corparáideacha na gcomhlachtaí sin, de réir mar a roghnóidh sé;

Ar choinníoll nach ndéanfaidh an Comhchoiste, tráth ar bith, aon ní a bhreithniú a bhaineann le comhlacht den sórt sin agus atá, a bhí, nó a bheartaítear, an tráth sin, a bheith, faoi bhreithniú ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí, de bhun Orduithe Tagartha an Choiste sin agus/nó Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993;

Ar choinníoll thairis sin go staonfaidh an Comhchoiste ó aon ní den sórt sin a fhiosrú i seisiún poiblí, nó ó fhaisnéis rúnda maidir le haon ní den sórt sin a fhoilsiú, má iarrann an comhlacht lena mbaineann nó an Taoiseach nó an tAire Airgeadais air déanamh

before both Houses of the Oireachtas as it may select;

- (vi) such proposals for EU legislation and related policy issues as may be referred to it from time to time, in accordance with Standing Order 83(4);
- (vii) the strategy statement laid before each House of the Oireachtas by the Taoiseach and the Minister for Finance pursuant to section 5(2) of the Public Service Management Act 1997, and for which the Joint Committee is authorised for the purposes of section 10 of that Act;
- (viii) such annual reports or annual reports and accounts, required by law and laid before either or both Houses of the Oireachtas, of bodies specified in paragraphs 2(i) and (iv), and the overall operational results, statements of strategy and corporate plans of these bodies, as it may select;

Provided that the Joint Committee shall not, at any time, consider any matter relating to such a body which is, which has been, or which is, at that time, proposed to be considered by the Committee of Public Accounts pursuant to the Orders of Reference of that Committee and/or the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act 1993;

Provided further that the Joint Committee shall refrain from inquiring into in public session, or publishing confidential information regarding, any such matter if so requested either by the body concerned or by the

- | | |
|---|--|
| amhlaidh; agus | Taoiseach or the Minister for Finance; and |
| (ix) cibé nithe eile a tharchuirfidh dhá Theach an Oireachtais chuige, i gcomhar, ó am go ham, | (ix) such other matters as may be jointly referred to it from time to time by both Houses of the Oireachtas, |
| agus tabharfaidh sé tuarascáil ar an méid sin do dhá Theach an Oireachtais. | and shall report thereon to both Houses of the Oireachtas. |
| (3) Beidh an chumhacht ag an gComhchoiste a cheangal ar an Aire Airgeadais (nó ar Aire nó Aire Stáit a bheidh ainmnithe ina áit nó ina háit) freastal os comhair an Chomhchoiste agus eolas ó bhéal a thabhairt, i seisiún príobháideach más é sin is mian leis an Aire nó leis an Aire Stáit, roimh chruinnithe de Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun a chumasú don Chomhchoiste a thuairimí a chur in iúl. | (3) The Joint Committee shall have the power to require that the Minister for Finance (or a Minister or Minister of State nominated in his or her stead) shall attend before the Joint Committee and provide, in private session if so desired by the Minister or Minister of State, oral briefings in advance of EU Council meetings to enable the Joint Committee to make known its views. |
| (4) Cúigear is córam don Chomhchoiste, ar comhalta de Dháil Éireann duine amháin díobh ar a laghad agus ar comhalta de Sheanad Éireann duine amháin díobh ar a laghad. | (4) The quorum of the Joint Committee shall be five, of whom at least one shall be a member of Dáil Éireann and one a member of Seanad Éireann. |
| (5) Beidh na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 83(1) go (9), go huile, ag an gComhchoiste. | (5) The Joint Committee shall have the powers defined in Standing Order 83(1) to (9) inclusive. |
| (6) Beidh Cathaoirleach an Chomhchoiste, a bheidh ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann, ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an Roghchoiste freisin. | (6) The Chairman of the Joint Committee, who shall be a member of Dáil Éireann, shall also be Chairman of the Select Committee.” |

—Tomás Ó Ceit, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.

- | | |
|--|--|
| “9.(1)(a)Go gceapfar Roghchoiste, dá ngairfear an Roghchoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ar a mbeidh 11 chomhalta de Dháil Éireann (ar córam 4 díobh), chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas— | (1)(a)That a Select Committee, which shall be called the Select Committee on Foreign Affairs consisting of 11 members of Dáil Éireann (of whom 4 shall constitute a quorum), be appointed to consider— |
| (i) cibé Billí a bpléann an Roinn Gnóthaí Eachtracha leis an dlí reachtach ina leith; | (i) such Bills the statute law in respect of which is dealt with by the Department of Foreign Affairs; |

- | | |
|---|---|
| <p>(ii) cibé Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí atá faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Eachtracha;</p> | <p>(ii) such Estimates for Public Services within the aegis of the Department of Foreign Affairs;</p> |
| <p>(iii) cibé tograí a bheidh in aon tairiscint, lena n-áirítear aon tairiscint de réir bhrí Bhuan-Ordú 159, a bhaineann le Dáil Éireann do cheadú téarmaí comhaontuithe idirnáisiúnta a tharraingeodh muirear ar chistí poiblí; agus</p> | <p>(iii) such proposals contained in any motion, including any motion within the meaning of Standing Order 159, concerning approval by Dáil of the terms of international agreements involving a charge on public funds; and</p> |
| <p>(iv) cibé nithe eile;</p> | <p>(iv) such other matters;</p> |
| <p>a tharchuirfidh Dáil Éireann chuige ó am go ham;</p> | |
| <p>(v) Ráitis Bhliantúla Aschuir arna dtáirgeadh ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha; agus</p> | <p>(v) Annual Output Statements produced by the Department of Foreign Affairs; and</p> |
